Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

# Ár nDualgas Earnála Poiblí a chomhlíonadh

## Measúnacht & Plean Gníomhaíochta

Deireadh Fómhair 2024

# Clár na nÁbhar

Réamhrá ........ 3

Ár Measúnacht ar ár nDualgas Earnála Poiblí........ 4

Ár bPlean Gníomhaíochta maidir lenár nDualgas Earnála Poiblí........ 8

Gníomhaíochtaí atá déanta againn ó 2022 i leith ........ 9

Tá an Banc Ceannais tiomanta dá fheidhmeanna earnála poiblí a chomhall ar mhodh a rannchuideoidh le cearta an duine a chosaint, leis an gcomhionannas a chur chun cinn, agus leis an idirdhealú a dhíchur.  Le linn dúinn Ár Straitéis a fhorbairt, rinneamar measúnú ar na gníomhaíochtaí ba ghá dúinn a dhéanamh chun leanúint den tiomantas sin a chomhlíonadh.

## Réamhrá

Faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 (an tAcht), bunaítear 'Dualgas Earnála Poiblí maidir le Cearta an Duine agus Comhionannas', lena gceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí, amhail an Banc Ceannais, aird a thabhairt ar an ngá atá leis an méid seo a leanas a dhéanamh le linn dóibh a gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh:

- An t-idirdhealú a dhíchur;
- Comhionannas deiseanna agus córa dá fhoireann agus do dhaoine dá soláthraíonn sé seirbhísí a chur chun cinn; agus
- Cearta an duine atá ag a bhaill, ag a fhoireann agus ag daoine dá soláthraíonn sé seirbhísí a chosaint.

Faoin Acht, ceanglaítear ar chomhlacht poiblí, ag féachaint dá fheidhmeanna, dá chríoch agus dá mhéid agus do na hacmhainní atá ar fáil dó, an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Measúnú - Ceanglaítear ar chomhlacht poiblí measúnacht a leagan amach ar mhodh is inrochtana ag an bpobal ina phlean straitéiseach/corparáideach ar na saincheisteanna maidir le cearta an duine agus leis an gcomhionannas is iomchuí maidir lena fheidhmeanna agus lena chríoch.
2. Aghaidh a thabhairt - Ceanglaítear ar chomhlacht poiblí na beartais, na pleananna agus na gníomhaíochtaí atá acu chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin a leagan amach ar mhodh is inrochtana ag an bpobal ina phlean straitéiseach/corparáideach, agus

Siar go "Clár na nÁbhar"

3. Tuairisciú - A chuid forbairtí agus a bhfuil bainte amach aige ina leith sin a thuairisciú ina thuarascáil bhliantúil, nó i ndoiciméid choibhéiseacha, ar mhodh is inrochtana ag an bpobal.

Sa mhéid seo a leanas, leagaimid amach ár **measúnacht** agus ar an bplean gníomhaíochta atá againn chun **aghaidh a thabhairt** ar na saincheisteanna atá aitheanta againn chun a chinntiú go bhfuil ár nDualgas Earnála Poiblí maidir le Cearta an Duine agus Comhionannas á chomhlíonadh againn.

## Measúnacht ar ár nDualgas Earnála Poiblí

Le linn dúinn ár Straitéis cúig bliana (2022-26) a fhorbairt, agus mar chuid d'athbhreithniú foirmiúil a rinneamar ag an bpointe leath bealaigh in 2024, bhreithnigh an Banc Ceannais a ról féin faoin Dualgas Earnála Poiblí maidir le Cearta an Duine agus Comhionannas (Dualgas Earnála Poiblí), agus rinne sé measúnacht ar shaincheisteanna maidir le cearta an duine agus comhionannas atá iomchuí maidir lenár bhfeidhmeanna agus lenár gcríoch. Bhí an t-aiseolas a lorgaíomar ó pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha mar bhonn eolais dúinn freisin.

### Conas a chuireamar ár measúnacht i gcrích

Mar phointe tosaigh dár measúnacht, breithníodh go cúramach críoch agus feidhm an Bhainc Ceannais. Agus an méid sin á chur san áireamh, bhreathnaíomar ar an gcaoi ina bhféadfaidh tionchar a bheith ag ár gcuid oibre ar chearta an duine agus ar chomhionannas, agus ar cén áit agus cén chaoi a mbíonn rannpháirtíocht againn lenár bpáirtithe leasmhara, go háirithe leis an bpobal. Áiríodh sa mhéid sin, mar shampla, forbairt agus cur chun cinn beartas agus, i gcás ina gcuirimid seirbhís ar fáil don phobal, an chaoi ina ndéanaimid cumarsáid leis an bpobal agus inrochtaineacht ár saoráidí fisiciúla agus digiteacha ag an bpobal.

Ina theannta sin, bhreathnaíomar ar na réimsí atá ábhartha dár bhfoireann, amhail ár mbeartais acmhainní foirne, agus an bhéim leanúnach a leagaimid éagsúlacht agus ionchuimsiú a chur chun cinn san áit oibre.

### Ár gCríoch agus ár bhFeidhmeanna

Tá críoch an Bhainc Ceannais mar chomhlacht earnála poiblí in Éirinn leagtha amach i reachtaíocht ábhartha. I gcomhréir leis an

Siar go "Clár na nÁbhar"

reachtaíocht sin, is é ár misean **freastal ar leas an phobail trí chobhsaíocht airgeadaíochta agus airgeadais a chosaint, á chinntiú ag an am céanna go bhfuil an córas airgeadais ag feidhmiú ar mhaithe le leas na dtomhaltóirí agus leas an gheilleagair níos leithne**. Ar na príomhfheidhmeanna a chomhlíonaimid mar bhonn faoin misean sin, áirítear na cinn seo a leanas:

- **Bearta airgeadaíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme:** Tá an Banc Ceannais freagrach as rannchuidiú le múnlú beartais airgeadaíochta sa limistéar euro agus cabhrú le cur chun feidhme beart atá i gcomhréir le cuspóir foriomlán an Bhainc Ceannais Eorpaigh maidir le cobhsaíocht praghsanna a chur chun feidhme, is é sin rátaí boilscithe a choinneáil gar do 2%, ach faoina bhun, sa mheántéarma. Rannchuidíonn praghsanna cobhsaí le comhtháthú sóisialta agus, dá bhrí sin, tá siad ábhartha maidir leis na dálaí inar féidir cearta an duine agus an comhionannas a chothú.

- **Cobhsaíocht an chórais airgeadais a áirithiú:** Rannchuidíonn an Banc Ceannais le cobhsaíocht airgeadais a choimeád ar bun in Éirinn trína bheith ag obair i gcomhar le heagraíochtaí piaraí ar fud AE agus go hidirnáisiúnta. Déanann sé amhlaidh trí chreat beartais macrastuamachta a chur chun feidhme, trí fhaireachán a dhéanamh ar shraith táscairí chun measúnú a dhéanamh ar rioscaí sistéamacha, agus trí thaighde anailíseach a dhéanamh mar bhonn eolais do na gníomhaíochtaí is gá chun riosca sistéamach a theorannú. Mar chuid den obair seo, bíonn an Príomh-Chlár Creidmheasa á oibriú ag an mBanc Ceannais freisin. Is bunachar sonraí é an Príomh-Chlár Creidmheasa ina stóráiltear tuarascálacha creidmheasa na n-iasachtaithe go léir, ar tuarascálacha iad atá cothrom le dáta agus inrochtana ag iasachtaithe agus ag iasachtóirí ionchasacha. Le hearnáil airgeadais chobhsaí, dhea-fheidhmiúil, a mbeidh maoirsiú macrastuamachta éifeachtach agus rochtain ar fhaisnéis chreidmheasa chruinn mar thaca léi, rannchuidítear le hiarmhairtí díobhálacha ionchasacha ar bheathaí agus ar shlite beatha daoine a mhaolú. Cuirtear cearta an duine aonair, lena n-áirítear faoi Bhunreacht na hÉireann, san áireamh sa bhonn dlíthiúil dár mbeartais mhacrastuamachta.

Siar go “Clár na nÁbhar”

- **Tomhaltóirí seirbhísí airgeadais a chosaint:** Mar rialtóir na soláthraithe agus na margaí seirbhísí airgeadais in Éirinn, bíonn an Banc Ceannais ag obair ar mhaithe le leasa tomhaltóirí a chosaint trí chultúr a bheidh dírithe ar thomhaltóirí a chur chun cinn laistigh de ghnólachtaí rialáilte, á chinntiú go bhfuil cosaintí dlíthiúla agus eile i bhfeidhm, agus trí thionchar a imirt ar fhorbairtí beartais tomhaltóirí san Eoraip agus ar bhonn idirnáisiúnta agus trí na forbairtí sin a mhúnlú. Ina theannta sin, déanaimid faireachán agus forfheidhmiú ar chomhlíonadh na gcaighdeán riachtanach trí bhíthin athbhreithnithe agus cigireachtaí téamacha. Gné den obair a dhéanaimid maidir le cosaint tomhaltóirí is ea cosc a chur ar idirdhealú i ndáil le rochtain ar sheirbhísí airgeadais agus le praghsáil seirbhísí airgeadais.

- **Institiúidí airgeadais a rialáil agus rialacha agus caighdeáin a fhorfheidhmiú:** Bíonn obair ar siúl ag an mBanc Ceannais chun a chinntiú go mbíonn institiúidí airgeadais, amhail bainc, cuideachtaí árachais, agus gnólachtaí infheistíochta, fónta ó thaobh airgeadais de agus go mbíonn siad á mbainistiú go sábháilte. Déanaimid rialáil ar na hinstitiúidí airgeadais seo agus ar a gcuid margaí trí ghnólachtaí a údarú lena n-oibriú in Éirinn, trí shealbhóirí ról ar leith sna gnólachtaí seo a fhormheas, trí fhaireachán a dhéanamh ar iompar na ngnólachtaí agus na sealbhóirí ról seo, agus trí bhíthin maoirseacht leanúnach agus bearta forfheidhmiúcháin. Tá na bearta seo ceaptha muinín a chothú sa chóras airgeadais, comhlíonadh rialacha dlíthiúla a áirithiú, agus torthaí díobhálacha ionchasacha do thomhaltóirí a theorannú i gcás ina dteipfidh ar ghnólachtaí.

- **Comhairle eacnamaíoch agus staidreamh airgeadais a chur ar fáil:** Cuireann an Banc Ceannais comhairle eacnamaíoch neamhspleách agus staidreamh ardchaighdeáin ar fáil a chuidíonn le lucht déanta beartas. Chuige seo, bailímid sonraí, agus déanaimid anailís staidrimh agus eacnamaíoch atá ceaptha a bheith mar bhonn eolais don cheapadh beartas ar leibhéal intíre agus ar leibhéal an limistéir euro. Déantar na haschuir anailíseacha agus staidrimh a scaipeadh trí fhoilseacháin éagsúla, trí sheimineáir agus trí chaidreamh leanúnach le ranna rialtais, leis an saol acadúil agus le tráchtairí. Leis an

Siar go “Clár na nÁbhar”

obair seo, tá sé mar aidhm againn beartais inbhuanaithe eacnamaíocha agus fhioscacha a cheapadh a bheidh mar bhonn faoi leasa na saoránach.

## Rannpháirtíocht agus comhairliúchán lenár bpáirtithe leasmhara

Ba chuid lárnach dár meastachán ar ár nDualgas Earnála Poiblí é féachaint le tuairimí ár bpáirtithe leasmhara a thuiscint. Bhailíomar dearcthaí ár bpáirtithe leasmhara seachtracha trí phróiseas foirmiúil rannpháirtíochta leis an bpobal ar shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais in 2021 agus arís in 2024. Iarradh ar dhaoine den phobal a gcuid tuairimí a roinnt linn maidir le saincheisteanna maidir leis an dualgas earnála poiblí ar cheart don Bhanc Ceannais breithniú a dhéanamh orthu, dar leo. Iarradh ar ghrúpaí abhcóideachta ón tsochaí shibhialta a gcuid tuairimí a roinnt trí Chruinniú Comhchéime na Sochaí Sibhialta[1].

Tugadh faoi rannpháirtíocht le hionadaithe foirne agus le grúpaí leasmhara inmheánacha freisin, amhail ár Meitheal inmheánach ar Éagsúlacht agus Ionchuimsiú. Seoladh rannpháirtíochtaí freisin le páirtithe leasmhara inmheánacha éagsúla lena n-áirítear Stiúrthóirí agus an Príomh-Oifigeach Acmhainní Daonna. Sna rannpháirtíochtaí seo, díríodh ar an méid seo a leanas:

- Measúnú criticiúil a dhéanamh ar cibé acu an bhfuil ár ngníomhaíochtaí reatha maidir le Dualgas Earnála Poiblí fós iomchuí;
- Fáil amach an raibh aon saincheisteanna nua tagtha chun cinn ar cheart breithniú a dhéanamh orthu i gcomhthéacs ár n-oibleagáidí maidir le Dualgas Earnála Poiblí.

## Anailís & Toradh

[1]Is ionann Cruinniú Comhchéime na Sochaí Sibhialta agus fóram le haghaidh plé idir ardcheannaireacht an Bhainc Ceannais agus ionadaithe ó raon leathan grúpaí pobail, grúpaí deonacha agus grúpaí ón tsochaí shibhialta. Cuimsíonn sé eagraíochtaí náisiúnta a bhíonn ag obair ar fud réimsí éagsúla, lena n-áirítear ceartas sóisialta, tithíocht agus easpa dídine, cearta an duine agus cearta dlíthiúla, saincheisteanna tuaithe, cearta oibrithe (ceardchumainn) agus cearta daoine aosta. Is fóram éisteachta agus deis foghlama é maidir leis na dúshláin agus deiseanna atá ann do dhaoine a bhfuil cónaí orthu in Éirinn, a mhéid a bhaineann siad sin le sainordú an Bhainc Ceannais.

Siar go “Clár na nÁbhar”

Agus críoch agus feidhmeanna an Bhainc Ceannais á gcur san áireamh, mar aon leis an Straitéis atá á saothrú againn chun ár n-éifeachtacht fhadtéarmach a neartú, i dteannta an aiseolais a fuaireamar ónár bpáirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha, tá gníomhaíochtaí breise aitheanta againn chun cuidiú linn ár nDualgas Earnála Poiblí a chomhlíonadh.

De bhreis air sin, déanann an Banc Ceannais cleachtadh inmheánach ar bhonn bliantúil chun measúnú a dhéanamh ar stádas a chuid oibre chun ár gcuid oibleagáidí maidir le Dualgas Earnála Poiblí a chomhlíonadh.  Mar bhonn eolais don mheasúnacht seo, baineadh leas freisin as tátail an chleachtaidh is déanaí, inar aithníodh beartais, cleachtais agus bearnaí feidhmeanna ar fud an Bhainc Ceannais a mheastar a bheith ábhartha don Dualgas Earnála Poiblí.

Ar an iomlán, fuarthas amach sa mheasúnacht go raibh na ceithre réimse reatha gníomhaíochta i ndáil leis an Dualgas Earnála Poiblí ábhartha i gcónaí - agus ba cheart go leanfaí leo. Rinneadh sonraí sonracha na réimsí gníomhaíochta sin a nuashonrú chun go léireofaí an dul chun cinn atá déanta againn ó 2022 i leith.

Aithníodh dhá ghníomhaíocht nua. Baineann an chéad cheann díobh le forbairt a dhéanamh ar inúsáideacht agus inrochtaineacht ár suímh gréasáin. Baineann an dara ceann lenár dtiomantas go mbeidh aon seirbhís a chuireann an Banc Ceannais ar fáil don phobal chomh hinrochtana agus is féidir.

Tá na gníomhaíochtaí seo mar chuid dár Straitéis, agus tá ár dtiomantas chun ár n-oibleagáidí maidir le Dualgas Earnála Poiblí a chomhlíonadh leagtha amach faoin téama ‘Oscailte agus Rannpháirteach’ inár Straitéis.

## Ár bPlean Gníomhaíochta maidir lenár nDualgas Earnála Poiblí

Le linn dúinn ár Straitéis (2025 – 2027) a bhaint amach, leanfaimid de chomhionannas deiseanna a chur chun cinn agus de chearta an duine atá ag ár bhfoireann agus ag daoine dá soláthraímid seirbhísí a chosaint.

Siar go “Clár na nÁbhar”

Tabharfaidh an Banc Ceannais tús áite do na gníomhaíochtaí seo a leanas:

1. Mar chuid d'fhorbairt agus de chur chun feidhme ár gcuid beartas, déanfaimid ár ndícheall ár n-oibleagáidí a chomhlíonadh faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014, i gcás inar iomchuí, lena n-áirítear a chinntiú go rachfar i gcomhairle leis an bpobal agus, i gcás inar iomchuí, go ndéanaimid an tábhacht a bhaineann leis an gcomhionannas, an éagsúlacht agus leis an ionchuimsiú a chur in iúl ar bhonn gníomhach.

   Is iad seo a leanas samplaí de chomhairliúcháin a rinneadh roimhe seo: Páipéar Comhairliúcháin ar an gCód um Chosaint Tomhaltóirí (CP158) agus Comhairliúchán ar Rialachas Feabhsaithe, agus ar Fheidhmíocht agus ar Chuntasacht Fheabhsaithe i Rialáil agus i dTreoir maidir le Seirbhísí Airgeadais faoi Acht an Bhainc Ceannais (Creat Cuntasachta Aonair), 2023 (CP153).

   Measaimid freisin gur gnéithe tábhachtacha iad an éagsúlacht agus an t-ionchuimisú ina gcuid foirmeacha uile de ghnólachtaí dea-bhainistithe straitéiseacha atá athléimneach ó thaobh airgeadais de agus, dá bhrí sin, is gnéithe iad atá ábhartha do shainordú an Bhainc Ceannais[2]. Mar shampla, mar chuid dár dtiomantas chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar leibhéal na héagsúlachta in earnáil na seirbhísí airgeadais, tuairiscímid ar dhéimeagrafaic na n-iarratas a fhaightear ó ghnólachtaí airgeadais maidir le róil shinsearcha áirithe iontu lena bhformheas ag an mBanc Ceannais[3].

2. Tacóimid le comhionannas agus cearta an duine dár bhfoireann agus cuirfimid chun cinn iad, trína chinntiú go bhfuil timpeallacht oibre á cothú againn a bheidh saor ón idirdhealú, agus a mbeidh beartais agus cleachtais mar bhonn fúithi a léireoidh riachtanais éagsúla daoine agus a chuirfidh comhionannas deiseanna agus uileghabhálacht chun cinn, sa

[2] https://www.centralbank.ie/about/role-of-the-central-bank
[3] https://www.centralbank.ie/docs/default-source/regulation/how-we-regulate/diversity-and-inclusion/2023-demographics-of-the-financial-sector-report.pdf?sfvrsn=349631a_6

Siar go "Clár na nÁbhar"

chaoi go mbeidh ár mbaill foirne go léir in ann a ngairmréim a shaothrú sa Bhanc Ceannais.

Áirítear sa mhéid sin, ár bPlean Gníomhaíochta um Éagsúlacht & Ionchuimsiú 2025 a bhaint amach, le béim ar leith ar ár sprioc maidir le hionadaíocht míchumais a bhaint amach, tacú lenár líonraí fostaithe, seisiúin oiliúna/feasachta a chur chun cinn agus a chur ar fáil, agus ár dtuarascáil ar an mbearna inscne agus ár bplean gníomhaíocht gaolmhar maidir le hionadaíocht inscne a fhoilsiú.

3. Cinnteoimid go gcuirfear oiliúint iomchuí i ndáil leis an Dualgas Earnála Poiblí ar bhaill foirne a mbíonn teagmháil dhíreach acu leis an bpobal.

4. Cinnteoimid i gcónaí go bhfuil ár gcuid foirgneamh agus saoráidí inrochtana go hiomlán d'fhonn freastal ar riachtanais daoine atá faoi mhíchumas.

   Áirítear sa mhéid sin an obair a bhíonn ar siúl againn i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Míchumais chun dearadh uilíoch spásanna a chur chun cinn trí chúrsa oiliúna ríomhfhoghlama, agus dearadh an Champais atá ag Banc Ceannais na hÉireann i gCeantar na nDugaí á úsáid mar eiseamlár.

5. Úsáidteacht agus inrochtaineacht ár suímh gréasáin, www.centralbank.ie, a fhorbairt i gcomhréir le caighdeáin inrochtaineachta AE.

6. Seirbhísí a bhfuil rochtain éasca orthu a sholáthar gach tráth.

   Áirítear sa mhéid sin, seirbhísí a sholáthraimid don phobal, mar shampla, seirbhísí malartaithe airgeadra, an tseirbhís cartlainne, seirbhís na mbonn inbhailithe agus an Príomh-Chlár Creidmheasa. Áirítear sa mhéid seo freisin, comhlíonadh ár gcuid oibleagáidí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003) i leith cainteoirí Gaeilge.

Tá cur i gcrích na ngníomhaíochtaí sin ailínithe le cur i ngníomh Ár Straitéise agus ina chuid dhílis dár bpleananna gnó bliantúla. Déanfar forbairtí agus dul chun cinn i leith na ngníomhaíochtaí seo a thuairisciú gach bliain inár dTuarascáil Bhliantúil.

Siar go "Clár na nÁbhar"

## Gníomhaíochtaí atá déanta againn ó 2022 i leith

Aithnítear lenár Straitéis an ghéarthábhacht a bhaineann le timpeallacht éagsúil ionchuimsitheach oibre a chothú, mar aon le comhlíonadh ár gcuid oibleagáidí earnála poiblí maidir le hidirdhealú a dhíchur, comhionannas a chur chun cinn, agus cearta an duine atá ag ár bhfoireann agus ag úsáideoirí seirbhísí a chosaint.

An dul chun cinn atá déanta againn ó 2022 i leith:


- Tá ár Straitéis um Éagsúlacht & Ionchuimsiú sainithe againn agus tá bearta curtha chun feidhme againn chun a chinntiú go mbeidh ár lucht saothair ionadaíoch do shochaí éagsúil na hÉireann. Tá an dul chun cinn maidir leis na haidhmeanna sin le feiceáil go soiléir i raon leathan gníomhaíochtaí, lena n-áirítear, bunú ár gcuid líonraí foirne, agus an obair atá déanta againn ar ionadaíocht éagsúlachta maidir le hinscne agus míchumas, bearna fheabhsaithe phá idir na hinscní, feabhsuithe ar ár bpróisis earcaíochta, agus sraith straitéisí, treoir, oiliúint agus feasacht do bhaill foirne agus do cheannairí.
- Tá Plean Gníomhaíochta um Míchumas seolta againn.
- Tá ár gCairt Custaiméirí agus ár nós imeachta maidir le gearáin nuashonraithe againn.
- Tá ár gCairt Oscailte agus Rannpháirteach foilsithe againn[4]. Tugaimid tús áite dár rannpháirtíocht lenár bpáirtithe leasmhara, trí bhíthin na héisteachta, an idirphlé agus na foghlama sa chaoi gur féidir linn rannchuidiú le muinín sa chóras airgeadais, agus tuiscint níos leithne ar ár ról, a chothú. I ndomhan atá ag athrú, tá sé riachtanach go mbeidh rannpháirtíocht againn leo siúd a dhéanann difear dár gcuid oibre agus a ndéanann ár gcuid oibre difear dóibh, go mbeimid trédhearcach le linn dúinn cinntí a dhéanamh agus beartais a cheapadh, agus go mbeimid oscailte i leith léargas nua agus dearcthaí éagsúla.
- Oiliúint maidir le Dualgas Earnála Poiblí a chur ar bhaill foirne a bhíonn ag plé leis an bpobal; agus

[4] https://www.centralbank.ie/about/open-engaged-charter

Siar go “Clár na nÁbhar”

- Leanúint d'fheabhsuithe a dhéanamh ar shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais d'fhonn inrochtaineacht ábhar a fheabhsú i gcomhréir le Treoir AE maidir le hInrochtaineacht Gréasáin.

Táimid tiomanta i gcónaí do ghníomh a dhéanamh chun an t-idirdhealú a dhíchur, do chomhionannas deiseanna a chur chun cinn agus do chearta an duine atá ag ár bhfoireann agus ag daoine dá soláthraímid seirbhísí a chosaint. Mar eagraíocht, agus mar fhostóir, leanfaimid dár dtiomantas do bheith mar eagraíocht inbhuanaithe atá freagrach ón taobh sóisialta de, agus a mbeidh meas aici ar an éagsúlacht agus ionchuimsiú agus a thacóidh go réamhghníomhach le pobail agus le sláinte agus folláine ár bhfoirne.



**T**: +353 (0)1 224 5800
**R**: publications@centralbank.ie
www.centralbank.ie

Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland

Eurosystem